Scríbhneoireacht (75 nóiméad)

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1

*Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna thíos. Scríobh timpeall **200-250 focal** sa spás ar an chéad leathanach eile.*

30/ marc

1. Tá cara leat ag cur isteach ar phost i gcomhlacht aistriúcháin. Beidh an té a cheapfar ag plé leis na cliaint chomh maith le bheith ag aistriú agus ag déanamh obair eagarthóireachta. D'iarr do chara ort teistiméireacht a scríobh di.

   Is dóigh leat go mbeadh sí go hiontach don phost. Scríobh ***an teistiméireacht*** agus luaigh na rudaí seo a leanas: na buanna agus na cáilíochtaí pearsanta agus gairmiúla atá ag do chara, an taithí atá aici agus na cúiseanna ar cheart an post a thabhairt di.

2. Seo blúire as litir a léigh tú i nuachtán áitiúil:

   '*… is dóigh liom go bhfuil sé náireach nach bhfuil faic á dhéanamh ag coistí áitiúla le cabhrú le himircigh socrú síos ina dtír nua agus aithne níos fearr a chur ar mhuintir an cheantair agus ar nósanna na háite…*'

   Scríobh ***alt*** don nuachtán ag míniú cén fáth nach n-aontaíonn tú leis na tuairimí seo agus déan cur síos ar na hiarrachtaí a rinneadh i do cheantar féin le cabhrú le himircigh agus ar an chaoi ar éirigh le cuid de na hiarrachtaí sin.

3. Chuala tú go bhfuil cara leat in ísle brí. Tá fadhbanna sláinte aici mar gheall ar strus.

   Scríobh ***litir*** chuici le misneach a thabhairt di. Cuir i gcuimhne di na rudaí maithe atá ina saol agus cuir comhairle uirthi faoi shlite chun níos mó taitnimh a bhaint as an saol.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh an líon focal atá scríofa agat anseo: ☐

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Ceist 2

*Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna thíos.*
*Scríobh timpeall **550-580 focal** sa spás atá leagtha amach*

50/ marc

1. ‘Beidh sé deacair ar an ghlúin óg in Éirinn déileáil leis an chúlú eacnamaíochta.’ Scríobh alt ag leagan amach do chuid tuairimí maidir leis an ráiteas sin.

2. ‘Tá an iomarca cumhachta ag na meáin chumarsáide.’ Scríobh alt ag míniú céard é do mheas ar an ráiteas sin.

3. ‘Ní dhéanann sé mórán maitheasa airgead a thabhairt do chumainn charthanachta.’ Scríobh alt ina léiríonn tú do dhearcadh faoin ráiteas sin.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh an líon focal atá scríofa agat anseo: ☐

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad